Comhairliúchán Poiblí - An Achoimre

Seacht moladh chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcláraímid le vóta a chaitheamh.

1. **Próiseas éifeachtach simplithe**
2. **Clárúchán ar bhonn atrátha (nó leanúnach)**
3. **Clárúchán roghnach ar líne**
4. **Clárúchán aonair amháin**
5. **Bunachar singil sonraí don chlár**
6. **Feabhsuithe ar fhíorú aitheantais**
7. **Roghanna roinnte sonraí don todhchaí**

De bharr seo:

- Clárúchán ar bhealach a bheadh oiriúnach do gach duine - ar líne nó ar pháipéar
- Próiseas soiléir, simplí - foirm amháin, próiseas amháin, clár amháin - ó cheann ceann na bliana
- Bunachar slán sonraí chun cros-seiceáil a éascú d'údaráis áitiúla agus sonraí a chosaint ag an am céanna
- Slándáil agus so-rochtaineacht a chothromú chun sláine an phróisis clárúcháin a chosaint
- Clár toghthóirí atá slán, cuimsitheach agus cruinn a bhunú
- Sonraí a roinnt sa todhchaí - faoi réir caighdeáin, teorainneacha agus cosaintí soiléire

Chun na leasuithe seo a chumasú bheadh gá le:

- Fíorú aitheantais a fheabhsú - breis sonraí a chur ar fáil amhail Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)
- D'fhéadfadh MyGovID/Cárta Seirbhísí Poiblí a úsáid le clárúchán roghnach ar líne agus féinseirbhís,
- Cumas chun faisnéis theoranta agus shonrach a roinnt idir údaráis áitiúla (a bhainistíonn na cláir) agus idir an clár agus comhlachtaí eile na hearnála poiblí ar mhaithe le fíorú amháin.

Le sábháilteacht agus slándáil do chuid sonraí agus sláine an toghchórais a chinntiú:

- Beidh cosaint sonraí agus príobháideachas lárnach ag gach céim; beidh bailiúchán agus stóráil sonraí faoi réir miontástála
- Tabharfar tosaíocht do shlándáil crua-earraí agus do chibearshlándáil

- Beidh rialacha dochta úsáide i bhfeidhm dóibh siúd a bheidh ag obair leis an gclár
- Beidh slándáil dhian leanúnach agus iniúchadh ar chobhsaíocht go fadtéarmach